# Tréithe an mhúinteora

Lárionad na Gaeilge

Taighde, Teagasc & Tástáil

Ollscoil Mhá Nuad

Ollscoil na hÉireann Má Nuad

## Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta

Samhlaigh go bhfuil tú ag freastal ar chúrsa i dteanga nach bhfuil staidéar déanta agat riamh uirthi. Cad iad na tréithe a mbeifeá ag súil leo ón múinteoir?

Iarradh ar ghrúpa foghlaimeoirí liosta a chur le chéile de na tréithe a mbeidís ag súil leo ón múinteoir i rang do ghlantosaitheoirí agus seo a leanas an liosta a cuireadh le chéile



tuisceanach, fáilteach, spreagúil, líofa, eagraithe, foighneach, moltach, poncúil, béasach, nádúrtha, dearfach, solúbtha, gníomhach, soiléir, acmhainn grinn, eolach ar an gcultúr



Is fiú smaoineamh, mar sin, go mbíonn foghlaimeoirí ag súil leis na tréithe sin uaitse, an múinteoir!

Is fiú tú féin a chur i suíomh an fhoghlaimeora agus liosta de do chuid féin a chruthú.

